

An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13551/26

AGRI 702
AGRIFIN 166
FIN 1352

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	23 Meán Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 505 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE ar chaiteachas CERT Córas Luathrabhaidh 1-6/2026

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 505 final.

Faoi iamh: COM(2026) 505 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.9.2026
COM(2026) 505 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

ar chaiteachas CERT

Córas Luathrabhaidh 1-6/2026

1. NÓS IMEACHTA BUISÉADACH CERT LE HAGHAIDH 2026

Maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2026, ghlac an Comhairle é an 24 Samhain 2025, agus ghlac an Parlaimint na hEorpa é an 26 Samhain 2025, ar bhonn comhaontú ar thángthas air idir an Chomhairle agus an Pharlaimint an 15 Samhain 2025. Faoi mbuiséad formheasta, leithdháileadh EUR 40 011,3 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus EUR 39 958,1 milliún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ar an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT). Leis an difríocht idir an dá mhéid, léirítear an úsáid a bhaintear as leithreasuithe difreáilte le haghaidh bearta sonracha arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach, a bhaineann go príomha le cúnamh teicniúil oibríochtúil agus le bearta cur chun cinn arna gcur chun feidhme trí ilchláir agus trí ghníomhaíochtaí eile.

2. IONCAM A SHANN TAR DO CERT

De bhun Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2021/2116, ioncam a thagann as ceartuithe airgeadais faoi chinntí imréitigh airgeadais agus cinntí imréitigh comhréireachta, agus as neamhrialtachtaí freisin, is ioncam sannta é de réir bhrí Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Faoi Airteagal 45(2), féadfar ioncam sannta bailithe a úsáid chun riachtanais mhaoiniúcháin aon chaiteachais CERT nó CETFT a chumhdach. Aon ioncam sannta a bhailítear agus nach n-úsáidtear ag deireadh na bliana airgeadais, tugtar anonn go huathoibríoch é go dtí an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.⁽¹⁾

Áirítear an méid seo a leanas i mbuiséad CERT le haghaidh 2026:

- meastacháin an Choimisiúin ar na riachtanais mhaoiniúcháin le haghaidh bearta margaidh (lena n-áirítear an cúlchiste talmhaíochta) agus íocaíochtaí díreacha faoi bhainistíocht chomhroinnte, mar aon le caiteachas eile faoi bhainistíocht dhíreach.
- na meastacháin ar ioncam sannta atá le bailiú le linn na bliana airgeadais.
- agus an t-ioncam sannta nár úsáideadh ón mbliain airgeadais roimhe sin.

I gcás bhuiséad CERT 2026, mhol an Coimisiún leibhéal leithreasuithe a chinnfí tríd an ioncam sannta measta iomlán a asbhaint ó na riachtanais chaiteachais iomlána measta.

Tráth a bunaíodh an buiséad le haghaidh 2026, ba é EUR 928,5 milliún meastachán an Choimisiúin maidir leis an ioncam sannta a bhí ar fáil, ar tugadh EUR 70,2 milliún de anonn ó bhuiséad 2025. Bhreithnigh an Coimisiún an t-ioncam sannta measta foriomlán le haghaidh na tacaíochta bunúsaí ioncaim i dtaobh na líne buiséid inbhuanaitheachta (mír 08 02 04 01), cé go mbíonn sé ar fáil i bprionsabal d'aon idirghabháil CERT, ar chúiseanna simpliúcháin.

⁽¹⁾ Le hAirteagal 12(4)(b) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, cinnítear go bhféadfar leithreasuithe a chomhfhreagraíonn d'ioncam sannta inmheánach a thabhairt anonn go dtí an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin agus go dtí an bhliain sin amháin. Dá bhrí sin, ar mhaithe le bainistiú fóna buiséid, is iondúil go n-úsáidtear an t-ioncam sannta a tugadh anonn ar dtús, roimh an leithreasú a vótáladh i dtaca leis an airteagal buiséid lena mbaineann.

3. TÁBLA MAIDIR LE TOMHALTAS SEALADACH AN 30/4/2026

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo cur chun feidhme sealadach bhuiséad CERT le haghaidh 2026 go dtí an 30/4/2026, agus tugtar mionsonraí sa tábla thíos.

Cuirtear an leibhéal cur chun feidhme i gcomparáid le próifíl chaiteachais an chórais luathrabhaidh a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116.

		AN COIMISIÚN EORPACH						
		ARD-STIÚRTHÓIREACHT NA TALMHAÍOCHTA AGUS NA FORBARTHA TUATHE						
		Stiúrthóireacht R. Acmhainní						
		Buiséad 2026 ⁽¹⁾						
		TOMHALTAS SEALADACH LEITHREASUITHE CERT						
		Staid an 30/04/2026						
		i milliún Eur						
		Lch 1/2						
		Leithreasuithe Buiséid ⁽²⁾	Tomhaltas ó mhí na Samhna go dtí mí	Úsáid	Próifíl tomhaltais i mí Aibreáin	Bearna idir cur chun feidhme agus próifíl		
		milliún EUR	milliún EUR	%	%	milliún EUR	%	milliún EUR
		A	B	C=B/A	D	E=D*A	F=C-D	G=B-E
		40,011.3	34,926.8	87.3%	86.0%	34,397.3	1.3%	529.6
		Caiteachas						
08 01	Caiteachas riaracháin tacaíochta na braisle 'Talmhaíocht agus Beartas Muir'	2.0	1.5	78.2%	74.8%	1.5	3.4%	0.1
08 01 01	Caiteachas tacaíochta don 'Chiste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta'	2.0	1.5	78.2%	74.8%	1.5	3.4%	0.1
08 02	An Ciste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta (CERT)	40,009.3	34,925.3	87.3%	86.0%	34,395.8	1.3%	529.5
08 02 01	Cúlchiste talmhaíochta (* lch. 2)	137.5	67.9	49.4%				
08 02 02	Cineálacha idirghabhálacha in earnálacha áirithe faoi na Pleananna Straitéiseacha CBT	2,122.2	568.4	26.8%	23.2%	492.9	3.6%	75.5
08 02 02 01	Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí	1,025.0	220.6	21.5%	15.9%	163.4	5.6%	57.2
08 02 02 02	Earnáil na dtáirgí beachadóireachta	57.0	2.9	5.1%	6.5%	3.7	-1.4%	-0.8
08 02 02 03	An earnáil fíona	946.0	311.7	33.0%	30.9%	292.1	2.1%	19.6
08 02 02 04	Earnáil na leannlusanna	2.2	2.2	100.0%	100.0%	2.2	0.0%	0.0
08 02 02 05	Earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird	44.0	19.5	44.4%	27.1%	11.9	17.3%	7.6
08 02 02 06	Earnálacha eile	48.0	11.4	23.8%	40.7%	19.5	-17.0%	-8.1
08 02 03	Caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de na Pleananna Straitéiseach CBT	841.0	412.0	49.0%	50.6%	425.7	-1.6%	-13.7
08 02 03 01	POSEI agus Oileáin Aeigéacha Bheaga (seachas íocaíochtaí díreacha)	229.0	159.6	69.7%	67.4%	154.4	2.3%	5.3
08 02 03 02	Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Cláir shimplí faoi bhainistíocht chomhpháirteach	81.0	22.1	27.3%	38.0%	30.8	-10.7%	-8.7
08 02 03 03	Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Ilchláir agus gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach	105.0	44.0	41.9%	42.9%	45.0	-1.0%	-1.0
08 02 03 04	Scéimeanna scoile	202.0	118.3	58.6%	59.3%	119.7	-0.7%	-1.4
08 02 03 05	Ola olóige	p.m.	0.0					
08 02 03 06	Torthaí agus glasraí	175.0	41.3	23.6%	25.1%	43.9	-1.4%	-2.5
08 02 03 07	Fíon	49.0	26.6	54.3%	65.1%	31.9	-10.9%	-5.3
08 02 03 08	Beachadóireacht	p.m.	0.0					
08 02 03 09	Leannlusanna	p.m.	0.0					
08 02 03 10	Bearta stórála poiblí agus príobháidí	p.m.	0.0					
08 02 04	Cineálacha idirghabhálacha íocaíochtaí díreacha faoi na Pleananna Straitéiseacha CBT	36,245.5	33,508.1	92.4%	91.4%	33,129.2	1.0%	378.9
08 02 04 01	Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta (** lch. 2)	17,860.5	17,808.4	99.7%	97.0%	17,333.2	2.7%	475.2
08 02 04 02	Tacaíocht ioncaim athdhálte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta	3,970.0	3,744.2	94.3%	95.5%	3,792.7	-1.2%	-48.5
08 02 04 03	Tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga	697.0	646.9	92.8%	88.6%	617.3	4.2%	29.6
08 02 04 04	Scéimeanna maidir leis an aeráid agus an comhshaoil	9,014.0	7,399.7	82.1%	83.1%	7,490.9	-1.0%	-91.2
08 02 04 05	Tacaíocht ioncaim cúpláilte	4,480.0	3,738.3	83.4%	82.3%	3,686.8	1.1%	51.5
08 02 04 06	Íocaíocht bharrshonrach do chadás	224.0	170.7	76.2%	93.0%	208.3	-16.8%	-37.7
08 02 05	Íocaíochtaí díreacha lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT	453.9	317.7	70.0%	67.8%	307.8	2.2%	9.9
08 02 05 01	POSEI agus Oileáin Aeigéacha Bheaga (íocaíochtaí díreacha)	444.0	304.3	68.5%	67.6%	300.2	0.9%	4.1
08 02 05 02	An scéim íocaíochta aonair limistéir (SAPS)	0.9	0.5	55.1%	62.6%	0.6	-7.5%	-0.1
08 02 05 03	Íocaíocht athdhálte	0.1	0.1	131.9%	94.3%	0.1	37.6%	0.0
08 02 05 04	Scéim na híocaíochta bunúsaí (BPS)	4.4	7.2	164.5%	80.1%	3.5	84.3%	3.7
08 02 05 05	Íocaíocht do chleachtas talmhaíochta chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil	3.0	4.0	134.0%	77.7%	2.3	56.4%	1.7
08 02 05 06	Íocaíocht d'fheirmeoirí i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu	p.m.	0.0					
08 02 05 07	Íocaíocht d'fheirmeoirí óga	0.2	0.3	144.4%	66.6%	0.1	77.8%	0.2
08 02 05 08	Íocaíocht bharrshonrach do chadás	0.1	0.2	257.4%	81.2%	0.1	176.2%	0.1
08 02 05 09	Scéim tacaíochta cúpláilte deonai	1.2	1.0	80.2%	71.5%	0.8	8.7%	0.1
08 02 05 10	Scéim na bhfeirmeoirí beaga	0.1	0.1	70.8%	76.1%	0.1	-5.3%	0.0
08 02 06	Straitéis bheartais, comhordú agus iniúchadh	208.2	50.9	24.4%	19.1%	39.7	5.4%	11.2
08 02 06 01	Ceartuithe airgeadais i bhfabhar na mBallstát tar éis cinntí imríteach cuntas agus imríteach comhréireachta	104.7	0.2	0.2%	0.0%	0.0	0.2%	0.2
08 02 06 02	Díospóidí a réiteach	p.m.	0.0					
08 02 06 03	CERT — Cúnamh teicniúil oibriochtúil	103.5	50.7	49.0%	38.3%	39.7	10.7%	11.0
08 02 99	Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích	1.0	0.3	32.5%	48.2%	0.5	-15.7%	-0.2

(1) Bliain airgeadais = 16/10/2025 go dtí an 15/10/2026 ach is féidir caiteachas faoi bhainistíocht dhíreacha an Choimisiúin a dhéanamh go dtí an 31/12/2026.

(2) Baineann sé leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais.

		AN COIMISIÚN EORPACH					
		ARD-STIÚRTHÓIREACHT NA TALMHAÍOCHTA AGUS NA FORBARTHA TUAITHE					
		Stiúrthóireacht R. Acmhainní					
		Buiséad 2026 ⁽¹⁾					
		TOMHALTAS SEALADACH LEITHREASUITHE CERT					
		Staid ón 30/04/2026					
		i milliún EUR					
		Leithreasuithe Buiséid ⁽²⁾	Tomhaltas ó mhi na Samhna go dtí mí	Úsáid	Próifíl tomhaltais i mí Aibreáin	Bearna idir cur chun feidhme agus próifíl	
		milliún EUR	milliún EUR	%	%	milliún EUR	milliún EUR
		A	B	C=B/A	D	E=D*A	F=C-D G=B-E
	(*) Cúlchiste talmhaíochta lena n-áirítear an EUR 391,4 milliún arna thabhairt anonn ón mbliain airgeadais 2025:						
08 02 01	Cúlchiste talmhaíochta — lena n-áirítear airgead a tugadh anonn ón mbliain airgeadais roimhe sin ⁽⁴⁾	528.9	67.9	12.8%			
	(**) Ar mhaithe le faisnéis amháin: caiteachas i gcoinne leithreasuithe bunaidh agus ioncam sannta						
08 02 04 01	Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta — lena n-áirítear ioncam sannta	18,789.0	17,808.4	94.8%	97.0%	18,234.3	-2.3% -425.9
	Ioncam Sannta (3)	928.5	512.3	55.2%			
6 2 0 0	An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta — ioncam sannta a meastar atá le bailiú sa bhliain airgeadais	858.3	442.1	51.5%			
	Ioncam sannta ón mbliain airgeadais roimhe seo	70.2	70.2	100.0%			

⁽¹⁾ Bliain airgeadais = 16/10/2025 go dtí an 15/10/2026 ach is féidir caiteachas faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin a dhéanamh go dtí an 31/12/2026.

⁽²⁾ Bainneann sé leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais.

⁽³⁾ Ioncam a shanntar don Tacaíocht Bhunúsach Ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta, chun an gá atá le leithreasuithe buiséid a laghdú.

⁽⁴⁾ Áirítear leis sin an cur chun feidhme iomlán, lena n-áirítear leithreasuithe úra agus leithreasuithe a tugadh anonn ó bhliain/bhlanta roimhe sin.

4. BARÚLACHA MAIDIR LE CÚLCHISTE TALMHAÍOCHTA 2026

Áirítear i mbuiséad 2026 méid EUR 528,9 milliún le haghaidh riachtanais chaiteachais an chúlchiste talmhaíochta, a dtugtar EUR 391,4 milliún de anonn ó bhuiséad 2025. As an méid foriomlán sin, cuireadh EUR 78,9 milliún i leataobh chun caiteachas a bhaineann le bearta a glacadh in 2025 a chumhdach, ach tháinig dátaí incháilitheachta laistigh den bhliain bhuiséid 2026, agus bhí an EUR 450 milliún a bhí fágtha ar fáil le haghaidh bearta nua in 2026.

Is é EUR 68 milliún an cur chun feidhme iomlán go dtí an 30 Aibreán 2026 maidir leis na bearta a glacadh in 2025 agus na dátaí incháilitheachta a rachaidh in éag in 2026, agus an miondealú seo a leanas (in EUR milliún):

Bearna eisceachtúla um thacaíocht mhargaidh — bainne agus muiceoil — R.1308/2013, Airteagal 220(1)(a); R.2025/1145 - DE	1.65 EUR
Beart éigeandála — teagmhais dhíobhálacha aeráide - R.1308/2013, Airteagal 221(1); R.2025/1137 - CZ, SI	9.53 EUR
Bearna eisceachtúla um thacaíocht mhargaidh — uibheacha agus feoil éanlaithe clóis — R.1308/2013, Airteagal 220(1)(a); R.2025/1485 - PL	7.31 EUR
Beart éigeandála — teagmhais dhíobhálacha aeráide - R.1308/2013, Airteagal 221(1); R.2025/2061 - BG, LV, LT, HU, PL, RO	49.47 EUR
Iomlán 30/04/2026	67.97 EUR

Rinneadh ceithre bheart, lena leithdháiltear EUR 64 milliún, a ghlacadh go dtí seo sa bhliain airgeadais reatha, ar bearta iad a bhain leis ar na nithe seo a leanas:

1. An Ungáir (Galar crúb agus béil)⁽²⁾: is é EUR 0.4 uasmhéid an pháirtmhaoinithe ón Aontas.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/530 ón gCoimisiún an 10 Márta 2026 maidir le bearta tacaíochta eisceachtúla le haghaidh earnálacha na caoireola agus na muiceola san Ungáir (IO L, 2026/530, 11.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/530/oj).

2. An Fhrainc (beart driogtha éigeandála sealadach eisceachtúil chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh an mhargaidh in earnáil an fhíona)⁽³⁾: is é EUR 40 milliún an t-uasmhéid tacaíochta ón Aontas.
3. An Bhulgáir, an Eastóin, an Ungáir (teagmhais dhíobhálacha aeráide)⁽⁴⁾: is é EUR 21,5 a bheidh in uasmhéid an pháirtmhaoinithe ón Aontas mar thacaíocht eisceachtúil d'fheirmeoirí.
4. An tSlóvaic (Galar crúb agus béil)⁽⁵⁾: is é EUR 2.1 uasmhéid an pháirtmhaoinithe ón Aontas.

Níor dhearbhaigh na Ballstáit aon chaiteachas go dtí an 30 Aibreán 2026 maidir leis na bearta sin.

5. **BARÚLACHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME SEALADACH BHUISÉAD CERT LE HAGHAIDH 2026**

Maidir le forghníomhú sealadach na leithreasuithe buiséadacha CERT le haghaidh 2026 i gcomhair na tréimhse go dtí an 30 Aibreán 2026, tá sé beagán os cionn na próifíle caiteachais arna ríomh (1,3 pointe céatadáin).

Léiríonn an caiteachas iomlán le haghaidh na gcineálacha idirghabhálacha earnála faoi Phleananna Straitéiseacha CBT (08 02 02) diall aníos ón bpróifíl (3,6 pointe céatadáin). Léiríonn an anailís líne ar líne difríochtaí ag brath ar an earnáil:

- I gcás earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil an fhíona, déantar an tomhaltas níos airde i gcomparáid leis an bpróifíl faoi Phleananna Straitéiseacha CBT a chúiteamh go páirteach le forghníomhú níos ísle lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT.
- In earnáil na hola olóige, tá feidhmiú an bhuiséid os cionn na n-ionchas ag an bpointe seo den bhliain, ach tá cur chun feidhme sna 'hearnálacha eile' 17 bpointe céatadáin faoi bhun na próifíle.

Maidir le cineálacha idirghabhála ar íocaíochtaí díreacha iad faoi Phleananna Straitéiseacha CBT (08 02 04), tá forghníomhú buiséid na leithreasuithe a vótáladh aon phointe amháin níos mó ná na hionchais a bhí ann. Tá formhór na scéimeanna gar don phróifíl, seachas cadás atá 16,8 pointe céatadáin faoi bhun na próifíle.

Maidir le híocaíochtaí díreacha lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT (08 02 05), léirítear leis an mír bhuiséid le haghaidh POSEI agus na n-oileán beag Aeigéach forghníomhú atá an-ghar don phróifíl, cé go bhfuil na línte buiséid chun na

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/744 ón gCoimisiún an 31 Márta 2026 maidir le beart driogtha géarchéime sealadach eisceachtúil chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh an mhargaidh in earnáil an fhíona sa bhliain mhargaíochta 2025/2026, (IO L, 2026/744, 1.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2026/744/oj).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/847 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2026 lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta a ndéantar díobh le teagmhais dhíobhálacha aeráide sa Bhulgáir, san Eastóin agus san Ungáir, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2026/847, 17.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/847/oj).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1100 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2026 maidir le bearta tacaíochta eisceachtúla le haghaidh earnálacha an bhainne agus na muiceola sa tSlóvaic (IO L, 2026/1100, 22.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1100/oj).

scéimeanna íocaíochtaí díreacha a bhí ann roimhe seo a chur i gcrích, go háirithe Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí agus an Íocaíocht do chleachtais talmhaíochta a dhéanann leas na haeráide agus an chomhshaoil, ag feidhmiú ar ráta i bhfad níos airde ná an phróifíl. Tá treocht laghdaitheach á léiriú ag na línte comhlíonta sin le blianta beaga anuas. Mar sin féin, níl an treocht chomh soiléir céanna i mbliana.

Tá ioncam sannta EUR 512,3 milliún (6 2 0 0) ar fáil cheana féin agus meastar go mbaileofar suimeanna breise le linn na bliana airgeadais. Mar sin féin, agus na cinntí iarbhir maidir le himréiteach agus an fhéidearthacht fritháirimh le haghaidh 2026 á gcur san áireamh, léirítear sna meastacháin athbhreithnithe leibhéal foriomlán ioncaim shannta atá níos ísle ná mar a réamh-mheasadh ar dtús. Ní dhéantar é sin a chúiteamh ach go páirteach le riachtanais níos ísle le haghaidh ceartuithe airgeadais i bhfabhar na mBallstát agus idirghabhálacha eile CERT.

Chun a áirithiú go mbeidh leithreasuithe leordhóthanacha ar fáil sa bhliain airgeadais 2026 chun caiteachas CERT a dhearbhaíonn na Ballstáit a chumhdach ina iomláine, d'iarr an Coimisiún ina dhréachtbhuiséad leasaitheach (DBL) 2/2026 treisiú EUR 140 milliún le haghaidh CERT. Gheofar na cistí breise ón gcorrlach atá ar fáil faoi fho-uasteorainn CERT.

Ar choinníoll go nglacfaidh an t-údarás buiséadach DBL 2/2026, measann an Coimisiún gur leor leithreasuithe iomlána CERT chun caiteachas uile CERT a chumhdach. Dá bhrí sin, níl coinne le haon bharrachas CERT ag an gcéim seo.